Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0051(COD)**

**7195/20**
**ADD 1**

**WTO 67**
**COWEB 39**
**AGRI 107**
**UD 59**
**TDC 1**
**CODEC 248**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Aibreán 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 135 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 135 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2020) 135 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.4.2020
COM(2020) 135 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis**

# IARSCRÍBHINN

IARSCRÍBHINN I

## MAIDIR LEIS NA TARAIF-CHUÓTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(2)

In ainneoin na rialacha maidir le léiriú na hAinmníochta Comhcheangailte, is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí sa mhéid go gcinntear an scéim fhabhrach le raon feidhme Chóid na hAinmníochta Comhcheangailte i gcomhthéacs na hIarscríbhinne seo. I gcás ina luaitear cóid Ainmníochta Comhcheangailte a bhfuil “ex” rompu, tá an scéim fhabhrach le cinneadh trí bhíthin chód na hAinmníochta Comhcheangailte agus an tuairisc a chomhfhreagraíonn dó a chur i bhfeidhm i dteannta a chéile.

| Uimhir an Ordaithe | Cód Ainmníochta Comhcheangailte | Tuairisc | Méid an chuóta in aghaidh na bliana[1] | Tairbhithe | Ráta dleachta |
|---|---|---|---|---|---|
| 09.1530 | ex 2204 21 94<br>ex 2204 21 95<br>ex 2204 21 96<br>ex 2204 21 97<br>ex 2204 21 98<br>ex 2204 22 93<br>ex 2204 22 94<br>ex 2204 22 95<br>ex 2204 29 93<br>ex 2204 29 94<br>ex 2204 29 95 | Fíon ó fhíonchaora úra nach mó ná 15 % toirte a neart alcólach iarbhír de réir toirte, cé is moite d’fhíon súilíneach | 30 000 hl | An Albáin[2], an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin[3], an Chosaiv[4], an Mhacadóin Thuaidh[5], Montainéagró[6], an tSeirbia[7]. | Díolúine |

[1] Aon mhéid domhanda amháin in aghaidh an taraif-chuóta is inrochtana ag allmhairí de thionscnamh na dtairbhithe.

[2] An rochtain atá ag fíon de thionscnamh na hAlbáine ar an taraif-chuóta iomlán, tá sí faoi réir an taraif-chuóta aonair a ndéantar foráil maidir leis sa Phrótacal maidir le fíon a tugadh i gcrích leis an Albáin a bheith ídithe roimh ré. Osclaítear an cuóta aonair sin faoi ordú Uimh. 09.1512 agus Uimh. 09.15.13.

[3] An rochtain atá ag fíon de thionscnamh na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar an taraif-chuóta iomlán, tá sí faoi réir an dá tharaif-chuóta aonair a ndéantar foráil maidir leo sa Phrótacal maidir le fíon a tugadh i gcrích leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a bheith ídithe roimh ré. Osclaítear na cuótaí aonair sin faoi ordú Uimh. 09.1528 agus Uimh. 09.1529.

[4] An rochtain atá ag fíon de thionscnamh na Cosaive ar an taraif-chuóta iomlán, tá sí faoi réir an dá tharaif-chuóta aonair a ndéantar foráil maidir leo sa Phrótacal maidir le fíon a tugadh i gcrích leis an gCosaiv a bheith ídithe roimh ré. Osclaítear na cuótaí aonair sin faoi ordú Uimh. 09.1570 agus Uimh. 09.1572.

[5] An rochtain atá ag fíon de thionscnamh na Macadóine Thuaidh ar an taraif-chuóta iomlán, tá sí faoi réir an dá tharaif-chuóta aonair a ndéantar foráil maidir leo sa Phrótacal maidir le fíon a tugadh i gcrích leis an Macadóin Thuaidh a bheith ídithe roimh ré. Osclaítear na cuótaí aonair sin faoi ordú Uimh. 09.1558 agus Uimh. 09.1559.

[6] An rochtain atá ag fíon de thionscnamh Mhontainéagró ar an taraif-chuóta iomlán, a mhéid agus a bhaineann sé le táirgí chód Ainmníochta Comhcheangailte 2204 21, tá sí faoi réir an taraif-chuóta aonair a ndéantar foráil maidir leo sa Phrótacal maidir le fíon a tugadh i gcrích le Montainéagró a bheith ídithe. Osclaítear an taraif-chuóta aonair sin faoi ordú Uimh. 09.1514.

[7] An rochtain atá ag fíon de thionscnamh na Seirbia ar an taraif-chuóta iomlán, tá sí faoi réir an dá tharaif-chuóta aonair a ndéantar foráil maidir leo sa Phrótacal maidir le fíon a tugadh i gcrích leis an

tSeirbia a bheith ídithe roimh ré. Osclaítear na cuótaí aonair sin faoi ordú Uimh. 09.1526 agus Uimh. 09.1527.